2024/268

17.1.2024

MOLADH (AE) 2024/268 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Samhain 2023

maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá creat dlíthiúil de bhearta lena dtacaítear le comhar oibríochtúil agus malartú faisnéise idir póilíní agus údaráis bhreithiúnacha in ábhair choiriúla mar bhonn taca leis an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha mar aon le bearta i réimsí an bheartais víosaí agus an bheartais um fhilleadh. Forbraíodh an creat sin chun an easpa rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha a chúiteamh agus ní mór dó feidhmiú go rianúil in éineacht le bainistiú éifeachtach na dteorainneacha seachtracha.

(2) Le Rialachán 2016/399 (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leagtar amach go sainráite an oibleagáid atá ar na Ballstáit cuidiú lena chéile agus comhar seasmhach frithpháirteach a choinneáil ar bun eatarthu ([1]). Ar mhaithe le dea-fheidhmiú limistéar Schengen, tá sé chomh tábhachtach céanna do na Ballstáit cuidiú lena chéile maidir leis na bearta a ghlactar i limistéar na dteorainneacha inmheánacha.

(3) Déanann an Coimisiún dlúthfhaireachán ar an staid ag na teorainneacha inmheánacha. Sa Teachtaireacht uaidh, 'Straitéis i dtreo limistéar Schengen lánfheidhmiúil agus athléimneach' ([2]), leag an Coimisiún amach, i measc gníomhaíochtaí eile, roinnt príomhghníomhaíochtaí chun an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a neartú agus a chur chun cinn. I dtuarascálacha 2022 ([3]) agus 2023 ar Staid Schengen ([4]), cuimsítear forléargas ar na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún ina leith sin le blianta beaga anuas, agus ar na príomhréimsí le haghaidh gníomhaíochtaí chun freagairt Eorpach struchtúrtha, chomhordaithe agus choiteann ar dhúshláin chomhroinnte a áirithiú.

(4) Ó bhí 2022 ann, tá dianphlé ar siúl idir na Ballstáit agus Comhordaitheoir Schengen maidir leis na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha ([5]). Tá siad lárnach i dTimthriall Schengen ([6]) agus is ábhar iad a thagann chun cinn arís agus arís eile san idirphlé i gComhairle Schengen, mar chuid de Bharaiméadar Schengen. Thairis sin, ó mhí na Bealtaine 2023 i leith, tá comhairliúchán ([7]) á dhéanamh ag an gCoimisiún leis na Ballstáit a bhfuil rialuithe fadtéarmacha ag na teorainneacha inmheánacha i bhfeidhm acu agus leis na Ballstáit a ndéanann na rialuithe sin difear dóibh ([8]). Tá sé beartaithe ag Comhordaitheoir Schengen leanúint den idirphlé leanúnach leis na Ballstáit chun tacú leo ó thaobh an Moladh seo a chur chun feidhme agus tuairisceoidh sé go tráthrialta i gComhairle Schengen freisin maidir le staid na himeartha agus an dul chun cinn atá déanta.

([1]) Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/399/oj).

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, 'Straitéis i dtreo limistéar Schengen lánfheidhmiúil agus athléimneach', 2.6.2021, COM(2021) 277 final.

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tuarascáil ar Staid Schengen 2022, 24.5.2022, COM(2022) 301 final/2.

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tuarascáil ar Staid Schengen 2023, 16.5.2023, COM(2023) 274 final.

([5]) Bhunaigh an Coimisiún an fheidhm sin i mí an Mheithimh 2022.

([6]) Féach Conclúidí ón gComhairle 6234/22 an 23 Feabhra 2023, doiciméad 9802/22 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022.

([7]) De bhun litir an 26 Aibreán 2023 ó údaráis na Slóivéine ina raibh tuairim a léirigh imní maidir lena riachtanaí agus a chomhréirí a bhí an cinneadh a rinne an Ostair rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú ag an gcuid den teorainn leis an tSlóivéin ón 12 Bealtaine 2023 i leith.

([8]) Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Moladh maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha arna ghlacadh an [22 Samhain 2023].

(5) Le déanaí, bhí an staid ag na teorainneacha inmheánacha ina hábhar do dhá bhreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh: ar an gcéad dul síos, i mbreithiúnas a bhaineann le srianta ama ar athbhunú sealadach na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha mar fhreagairt ar bhagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí sa réimse céanna ([9]) mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/399, agus ina dhiaidh sin, i mbreithiúnas a bhaineann le himircigh neamhrialta a thagann chuig pointe trasnaithe teorann ag a bhfuil rialuithe teorann inmheánaí i bhfeidhm arís ([10]).

(6) Leis an togra le haghaidh leasú ar Rialachán (AE) 2016/399 arna ghlacadh an 14 Nollaig 2021 ([11]), mhol an Coimisiún go gcuirfí leis na cineálacha beart ar féidir a úsáid mar fhreagairt mhalartach ar rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha, lena n-áirítear na bearta a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar bhagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí. Cuireann na bearta molta sin le Moladh (AE) 2017/820 ([12]) ón gCoimisiún maidir le seiceálacha póilíneachta agus comhar póilíneachta trasteorann agus ar an gcaoi sin léiríonn siad go bhfuil gá le gníomhaíochtaí breise chun úsáid na mbeart malartach ar rialuithe teorann inmheánaí a chur chun cinn, mar fhreagairt ar bhagairtí ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí.

(7) Ó tharla gur léirigh an t-idirphlé idir Comhordaitheoir Schengen agus na Ballstáit gur bailí fós iad na moltaí a bhaineann le seiceálacha póilíneachta comhréireacha agus comhar póilíneachta trasteorann arna leagan amach ag an gCoimisiún amach i Moladh (AE) 2017/820 agus ó tharla go bhfuil na bagairtí ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí i limistéar Schengen ag athrú i gcónaí, agus ag féachaint do na breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna C-368/20, C-369/20 agus C-143/22, measann an Coimisiún gur iomchuí féachaint arís ar Mholadh (AE) 2017/820 agus é a comhlánú, ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh ó glacadh é in 2017 agus an idirphlé a rinne Comhordaitheoir Schengen. Is iomchuí freisin forléargas a bheith ann ar na moltaí eile arna nglacadh ó 2017 atá ábhartha do na cineálacha bagairtí a shainaithin na Ballstáit agus a cuireadh chun cinn chun údar a thabhairt le rialuithe a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha.

(8) I dtuarascáil 2023 ar Staid Schengen, leagtar amach an tosaíocht ó thaobh slándáil inmheánach limistéar Schengen a fheabhsú chun an choireacht eagraithe agus an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac. Mar a mhínítear i dtuarascáil 2023 ar Staid Schengen, léirigh an t-idirphlé leis na Ballstáit go bhfuil na Ballstáit fós i ngleic le bagairtí tromchúiseacha ar a slándáil inmheánach agus ar a mbeartas poiblí, rud a éilíonn gníomhaíocht. Léirigh sé freisin an réimse mór beart a ghlacadh i gcomhthéacs na rialuithe athbhunaithe ag teorainneacha inmheánacha ar tugadh fógra fúthu. Baineann sé sin go háirithe le minicíocht agus déine na rialuithe athbhunaithe, agus an gaol atá acu leis na bearta eile a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a sainaithníodh.

(9) Cuireann an Moladh seo le Moladh (AE) 2022/915 ón gComhairle ([13]) freisin agus ba cheart go neartódh se an éifeacht a thugann na Ballstáit don Mholadh sin. Le Moladh (AE) 2022/915, leagtar amach roinnt réiteach chun bacainní sainaitheanta roimh an gcomhar oibríochtúil a bhaint, agus chun an comhar sin a neartú a thuilleadh nuair a oibríonn oifigigh forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile chun tóir thrasteorann, faireachas, patróil chomhpháirteacha agus oibríochtaí comhpháirteacha eile a dhéanamh. Mar a léiríodh sna ceardlanna a d'eagraigh Uachtaránachtaí na Comhairle i ndiaidh a chéile agus an Coimisiún i gcomhthéacs Mholadh (AE) 2022/915, is ann do lear mór deachleachtas maidir le comhar i bhforfheidhmiú an dlí i gcuid de na Ballstáit, amhail stáisiúin póilíní chomhpháirteacha, patróil chomhpháirteacha ar thraenacha, buan-tascfhórsaí oibríochtúla comhpháirteacha, buanbhriogáidí póilíneachta comhpháirteacha atá réidh le himscaradh ar an láthair ach é a iarraidh, úsáid na

([9]) Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 26 Aibreán 2022, A agus Eile, Cás C-584/20, ECLI:EU:C:2022:298.

([10]) Breithiúnas ón gCúirt Breithiúnais an 21 Meán Fómhair 2023, ADDE agus Eile, C-143/22, ECLI:EU:C:2023:689 a dheimhníonn den chuid is mo breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Márta 2019, Arib agus Eile, C-444/17, ECLI:EU:C:2019:220.

([11]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais i dtaca leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha – COM/2021/891 final.

([12]) Moladh (AE) 2017/820 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2017 maidir le seiceálacha póilíneachta comhréireacha agus comhar póilíneachta i limistéar Schengen (IO L 122, 13.5.2017, lch. 79, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2017/820/oj).

([13]) Moladh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí (IO L 158, 13.6.2022, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2022/915/oj).

Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim chun tacú le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí, teicneolaíochtaí chun seiceálacha póilíneachta a dhéanamh gan cur isteach ar thrácht, réitigh chumarsáide shlána a oibríonn thar theorainneacha, etc. agus chuir an Coimisiún cistiú tiomnaithe ar fáil in 2023 chun tacú le glacadh na mbeart sin ar fud an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit eile na dea-chleachtais sin a chur chun feidhme i gcás inarb infheidhme maidir lena staid féin. Ina theannta sin, mar a leagtar amach i dtuarascáil 2023 ar Staid Schengen, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint de chistiú a chur ar fáil chun dlús a chur le scaipeadh na ndea-chleachtas i mBallstáit eile.

(10) Ba cheart a chur san áireamh sa Mholadh seo an ról mór atá ag na Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim sa chomhrac i gcoinne na coireachta trasteorann, go háirithe i limistéir na dteorainneacha inmheánacha. Le Moladh (AE) 2022/915, cothaítear a ról, agus le Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), foráiltear maidir le malartú faisnéise éifeachtach leis na Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim agus trí na Lárionaid sin.

(11) Ó tharla go bhfuil an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPAC) anois ina phríomhuirlis i gcomhrac an Aontais i gcoinne na coireachta eagraithe ([15]), ba cheart a chur san áireamh leis an Moladh seo an creat a chuireann EMACT ar fáil chun bagairtí coiriúla a chomhrac go héifeachtach.

(12) Thairis sin, tá gá le gníomhaíochtaí comhpháirteacha treisithe chun smuigleáil imirceach a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, agus chun cur i gcoinne imirce neamhrialta i dtreo an Aontais agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe idir na Ballstáit. Ba cheart dlús a chur leis an gcomhar sna réimsí sin. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí na rialuithe i limistéir na dteorainneacha inmheánacha a threisiú mar gheall ar an mbrú imirce, agus i gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí rialuithe a athbhunú ag na teorainneacha inmheánacha ar bhonn na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/399. Níor cheart na rialuithe sin a chur i bhfeidhm áfach ach a fhad agus nach féidir bearta nach bhfuil chomh dian sin a chur ina n-ionad, ar bhonn anailís riosca.

(13) Ba cheart a chur i dtábhacht nach mór na gníomhaíochtaí uile a dhéanann údaráis forfheidhmithe dlí a chur i gcrích ar bhealach comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. **COMHAR STRUCHTÚRTHA AR GACH LEIBHÉAL**

(1) Ba cheart do na Ballstáit leanúint dá ndlúthchomhar agus é a threisiú a thuilleadh ag gach leibhéal polaitiúil, riaracháin agus oibríochtúil a mhéid a bhaineann le bagairtí tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a chomhrac, laistigh de limistéar Schengen.

(2) Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit buanphointí teagmhála a bhunú laistigh de na húdaráis atá freagrach as freagairt do bhagairtí tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach agus na pointí teagmhála sin a chur in iúl dá chéile agus don Choimisiún i gcás inarb iomchuí.

Ba cheart na buanphointí teagmhála sin a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon.

Ba cheart gníomhaíochtaí na mbuanphointí teagmhála a choigeartú de réir leibhéal na mbagairtí, agus teagmháil níos minice a bheith ann eatarthu i gcás seiceálacha póilíneachta treisithe i limistéir na dteorainneacha inmheánacha, ar bhonn an dlí náisiúnta.

Ba cheart do na buanphointí teagmhála an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faireachán a dhéanamh ar éabhlóid na mbagairtí, go háirithe trí tháirgí anailíse riosca agus faisnéis a mhalartú eatarthu a bhaineann, cuir i gcás, leis an méid seo a leanas:

(i) bagairtí sceimhlitheoireachta;

(ii) gáinneáil ar airm thine agus ar mhionairm agus armáin éadroma eile i bhfeithiclí;

(iii) bealaí na ngluaiseachtaí neamhúdaraithe;

(iv) gáinneáil ar dhrugaí;

([14]) Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle (IO L 134, 22.5.2023, lch. 1, ELI: (http://data.europa.eu/eli/dir/2023/977/oj).

([15]) Conclúidí ón gComhairle 7100/23 maidir le leanúint bhuan de Thimthriall Beartais AE don choireacht idirnáisiúnta thromchúiseach eagraithe: EMPACT 2022+, arna ghlacadh ag an gComhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag a 3936ú cruinniú a reáchtáladh an 9 Márta 2023 (ELI: (ELI: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7100-2023-INIT/en/pdf

(v) *modus operandi* na ndaoine nó na ngrúpaí daoine a bhfuil baint acu *inter alia* le smuigleáil imirceach nó gáinneáil ar armáin agus le soláthraithe doiciméad bréagach a mheasann na Ballstáit gur bagairt thromchúiseach iad ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach;

(b) cur le comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus le malartú faisnéise maidir le bagairtí tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, le tacaíocht ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) mar mhol an Aontais um fhaisnéis ar choiriúlacht agus leas a bhaint as cumais anailíse comhpháirtí chun obair na n-imscrúdaitheoirí náisiúnta in imscrúduithe coiriúla trasteorann a éascú.

(3) Más rud é go gcinneann Ballstát rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú go sealadach i gcomhréir le Teideal III, Caibidil II de Rialachán (AE) 2016/399, ba cheart do na Ballstáit a ndéanann an t-athbhunú sin difear dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cruinnithe déthaobhacha na bpointí teagmhála nó seirbhísí eile lena mbaineann a eagrú ar bhonn tráthrialta d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) faireachán a dhéanamh ar éabhlóid na mbagairtí tromchúiseacha arna sainaithint, go háirithe trína n-anailís riosca agus a bhfaisnéis maidir leis na bagairtí tromchúiseacha arna sainaithint a mhalartú;

(ii) scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht na mbeart a glacadh i ndáil leis na bagairtí tromchúiseacha arna sainaithint, sin agus na bearta arna gcur i bhfeidhm ag na codanna den teorainn inmheánach lena mbaineann agus i limistéar na dteorainneacha inmheánacha a oiriúnú do na bagairtí tromchúiseacha atá ag teacht chun cinn, go háirithe a mhéid a bhaineann le suíomh, minicíocht agus déine na seiceálacha, d'fhonn cosc a chur ar dhúnadh bóithre trasteorann, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmiú pobal trasteorann agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh;

(b) dlúthchomhar a choinneáil ar bun leis an gCoimisiún agus, go háirithe:

(i) arna iarraidh sin, an fhaisnéis uile a sholáthar do Chomhordaitheoir Schengen in am;

(ii) páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin a eagraíonn an Coimisiún ar bhonn Airteagal 27(5) de Rialachán (AE) 2016/399 d'fhonn comhar frithpháirteach idir na Ballstáit a fheabhsú agus scrúdú a dhéanamh ar an gcomhréireacht idir na bearta a ghlactar agus na himeachtaí is cúis le hathbhunú na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, mar aon leis an mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, agus aird iomlán á tabhairt ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais ([16]).

2. ACMHAINNEACHT LE hAGHAIDH BEARTA COMHPHÁIRTEACHA A THREISIÚ

(4) Ba cheart do na Ballstáit tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas bearta comhpháirteacha agus comhlántacha a dhéanamh, bunaithe ar chomhar trasteorann déthaobhach nó iltaobhach.

(5) Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) athbhreithniú agus coigeartú a dhéanamh ar na comhaontuithe agus na socruithe déthaobhacha lena dtugtar foras le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí idir na húdaráis ábhartha agus na pointí teagmhála iontu;

(b) anailís riosca chomhpháirteach a fhorbairt trínar féidir na bearta is iomchuí a shainaithint chun freagairt do chineálacha éagsúla bagairtí tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, agus déine na mbeart sin a shainaithint freisin, agus aird á tabhairt ar na dálaí áitiúla sonracha. Mar shampla, d'fhéadfadh na Ballstáit féachaint, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar lena mBallstáit chomharsanacha le cur chuige saincheaptha a fhorbairt maidir le gach cuid den teorainn inmheánach, lena dtabharfaí forléargas ar na bearta sonracha, ag brath ar shaintréithe na mbagairtí tromchúiseacha a sainaithníodh. Le cur chuige saincheaptha den sórt sin d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt, mar shampla, ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe mórscála imirceach neamhrialta, bagairtí sceimhlitheoireachta agus gáinneála ar dhrugaí, agus d'fhéadfaí gáinneáil ar airm thine agus ar mhionairm agus airm éadroma eile a chosc agus a laghdú, rud a éilíonn anailís riosca chomhpháirteach shonrach;

([16]) Go háirithe, breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 26 Aibreán 2022, Landespolizeidirektion Steiermark, cásanna uamtha C-368/20 agus C-369/20, ECLI:EU:C:2022:298; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Márta 2019, Arib agus Eile, C-444/17, ECLI:EU:C:2019:220; agus breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Meán Fómhair 2023, ADDE agus Eile, C-143/22, ECLI:EU:C:2023:689.

(c) na hacmhainní, an trealamh agus na hinniúlachtaí is gá a áirithiú le haghaidh patróil chomhpháirteacha agus briogáidí measctha. Ba cheart é a bheith de chumhacht ag na patróil comhpháirteacha agus ag na briogáidí measctha sin gníomhaíochtaí a dhéanamh maidir le brath agus gabháil arm tine folaithe agus mionairm agus armáin éadroma eile i bhfeithiclí, agus na daoine nó na grúpaí daoine a shainaithint a mheasann na Ballstáit gur bagairt thromchúiseach iad ar an tslándáil inmheánach agus/nó ar an mbeartas poiblí. Agus na coinníollacha a leagtar amach i gcásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais á gcur san áireamh, ba cheart cead a bheith ag na patróil chomhpháirteacha agus na briogáidí measctha sin oibriú i limistéar a shainítear chomh leathan agus is gá, i bhfianaise na ndálaí áitiúla, arna gcinneadh ar bhonn na hanailíse riosca, gan limistéir na dteorainneacha inmheánacha a eisiamh, ar choinníoll nach bhfuil siad coibhéiseach le rialuithe teorann.

3. AN ÚSÁID IS MÓ IS FÉIDIR A BHAINT AS NA FÉIDEARTHACHTAÍ A CHUIRTEAR AR FÁIL LE MOLADH (AE) 2022/915

(6) Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na bearta uile is gá a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do Mholadh (AE) 2022/915 i gcomhthéacs bagairtí tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a chomhrac, laistigh de limistéar Schengen, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) na modhanna agus na huirlisí teicniúla, dlíthiúla agus oibríochtúla is gá a chur ar fáil nó a ghlacadh chun gur féidir patróil chomhpháirteacha agus briogáidí measctha a fheidhmiú mar aon le tóir agus faireachas trasteorann a dhéanamh i limistéir na dteorainneacha inmheánacha;

(ii) Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim a bhunú nó a threisiú chun feabhas a chur ar an gcomhar i limistéir na teorainneacha inmheánacha;

(b) leas a bhaint as dea-chleachtais sa chomhar oibríochtúil póilíneachta atá ann i mBallstáit eile, mar a leagtar amach sa treochlár cur chun feidhme i Meitheal na Comhairle um Fhorfheidhmiú an Dlí;

(c) úsáid a bhaint as an gcistiú atá ar fáil ón Aontas chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tionscadail thrasnáisiúnta a fhorbairt maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí a bhfuil breisluach AE ag baint leo;

(ii) dlús a chur le húsáid na ndea-chleachtas.

4. DLÚS A CHUR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHPHÁIRTEACHA CHUN SMUIGLEÁIL IMIRCEACH A CHOMHRAC

(7) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) imscrúduithe comhpháirteacha ar spriocanna ardluacha sainaitheanta agus ar líonraí coiriúla ardriosca a mhéadú;

(b) patróil chomhpháirteacha spriocdhírithe agus oibríochtaí comhpháirteacha eile a bhunú agus a úsáid i limistéir shonracha na dteorainneacha inmheánacha;

(c) faisnéis faoi threochtaí maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe a chomhroinnt go córasach leis na Ballstáit eile lena mbaineann agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus Europol, agus imeachtaí a thuairisciú agus anailís a thaispeáint sna léargais staide de chuid EUROSUR ([17]), nuair is féidir.

(8) Ba cheart do Europol agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil tacú leis na himscrúduithe comhpháirteacha dá dtagraítear i bpointe (7)(a) den Mholadh seo trí Thascfhórsaí Oibríochtúla tiomnaithe faoi chuimsiú an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne na Coireachta Eagraithe ('EMPACT').

(9) Ba cheart do Europol tacaíocht a thabhairt d'imscrúduithe ar choireanna a bhaineann le smuigleáil, imscrúduithe a eascraíonn as na hoibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (7)(b) den Mholadh seo.

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/581 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2021 maidir le léargais staide de chuid an Chórais Eorpaigh um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR) (IO L 124, 12.4.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/581/oj).

5. ÚSÁID A BHAINT AS NA FÉIDEARTHACHTAÍ ATÁ ANN CHEANA I RÉIMSE AN FHILLIDH CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR GHLUAISEACHTAÍ NEAMHÚDARAITHE

(10) Ba cheart do na Ballstáit dul i ngleic leis na gluaiseachtaí mórscála neamhúdaraithe arna sainaithint a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach agus ba cheart na gluaiseachtaí sin a dhíspreagadh.

Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as uirlisí ábhartha i réimse an fhillidh i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go háirithe ([18])trí Mholadh (AE) 2017/820, Moladh (AE) 2017/432 ón gCoimisiún ([19]) agus Moladh (AE) 2023/682 ón gCoimisiún a chur chun feidhme ([20]).

(11) Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) náisiúnaigh tríú tír a rinne idirthuras trína gcríoch sular gabhadh iad i mBallstát eile a ghlacadh ar ais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) forálacha na gcomhaontuithe nó na socruithe déthaobhacha a bhí ann an 13 Eanáir 2009 dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE a chur i bhfeidhm, go háirithe i measc Ballstát comharsanach;

(ii) gach beart is gá a dhéanamh, lena n-áirítear cleachtais oibríochtúla a bhunú idir údaráis náisiúnta inniúla, chun a áirithiú go dtabharfar nósanna imeachta um fhilleadh chun críche go pras;

(iii) measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis na comhaontuithe agus na socruithe déthaobhacha a bhí ann an 13 Eanáir 2009 dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE a athchaibidliú nó a athnuachan, i bhfianaise an bhreithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais i gcásanna C-444/17 agus C-143/22;

(b) an oiliúint is gá, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha, a chur ar na seirbhísí a bhfuil baint acu le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as Treoir 2008/115/CE i gcónaí.

(12) I gcás nach nglacann Ballstát eile náisiúnach tríú tír ar ais i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE agus i gcás ina léiríonn fíorú i gCóras Faisnéise Schengen le linn seiceálacha póilíneachta nó rialuithe athbhunaithe ag teorainneacha inmheánacha go bhfuil náisiúnach tríú tír faoi réir cinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstát eile cheana féin, ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) aitheantas frithpháirteach a thabhairt don chinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstát eile i gcomhréir le Moladh (AE) 2023/682 agus an duine a bhaint i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE.

(b) I gcás nach féidir aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinneadh um fhilleadh i gcomhréir le Moladh (AE) 2023/682, ba cheart do na Ballstáit dul i dteagmháil leis an mBallstát a d'eisigh an cinneadh um fhilleadh chuig an náisiúnach tríú tír roimhe sin chun aon fhaisnéis ábhartha a fháil a d'fhéadfadh siad a chur san áireamh i gcomhthéacs an nós imeachta um fhilleadh i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE agus go háirithe chun an riosca éalaithe a mheas.

6. BEARTA CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR GHLUAISEACHTAÍ NEAMHÚDARAITHE

(13) Na Ballstáit a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír idir na Ballstáit, ba cheart dóibh, ar an gcéad dul síos, rialuithe póilíneachta a threisiú i limistéir na dteorainneacha inmheánacha. Aon cinneadh maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú go sealadach ar fhoras gluaiseachtaí

([18]) Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj).

([19]) Moladh (AE) 2017/432 ón gCoimisiún an 7 Márta 2017 maidir le filleadh a dhéanamh níos éifeachtaí agus Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á cur chun feidhme (IO L 66, 11.3.2017, lch. 15, ELI: ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2017/432/oj).

([20]) Moladh (AE) 2023/682 ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh agus le dlús a chur le fillteacha agus Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á cur chun feidhme (IO L 86, 24.3.2023, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2023/682/oj).

neamhúdaraithe a d'fhéadfadh bagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí a bheith i gceist leo i gcásanna eisceachtúla, ar cinneadh é a glacadh i gcomhréir le Teideal III, Caibidil II de Rialachán (AE) 2016/399, ba cheart bearta maolaitheacha iomchuí a bheith ag gabháil leis, agus ba cheart é a bheith faoi athbhreithniú leanúnach ionas go bhféadfaí na rialuithe sin a ionadú a luaithe is féidir le seiceálacha póilíneachta treisithe agus bearta um chomhar póilíneachta trasteorann, ar bhonn anailís riosca.

7. DLÚS A CHUR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHPHÁIRTEACHA CHUN AN SCEIMHLITHEOIREACHT AGUS AN CHOIREACHT EAGRAITHE TRASTEORANN A CHOMHRAC

(14) Ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú agus méadú a dhéanamh ar a rannpháirtíocht in EMPACT agus ina phleananna gníomhaíochta oibríochtúla éagsúla atá dírithe ar thabhairt faoi thosaíochtaí an Aontais maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus eagraithe, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 9 Márta 2023 maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos don chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe le haghaidh EMPACT 2022–2025 ([21]).

(15) Ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2023/977 maidir le malartú éifeachtach faisnéise le Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim agus trí na Lárionaid sin, agus na Pointí Teagmhála Aonair agus Europol a choinneáil go hiomlán ar an eolas san am céanna.

8. BEARTA MAOLAITHEACHA A CHUR I bhFEIDHM

(16) Ba cheart do na Ballstáit teorainn a chur le tionchar aon bhirt a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach.

(17) Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) teorainn a chur le húsáid seiceálacha córasacha mar an rogha dheiridh i gcásanna eisceachtúla amháin;

(b) tús áite a thabhairt do sheiceálacha móibíleacha i gcríoch na mBallstát thar sheiceálacha statacha ag suíomhanna seasta;

(c) cur le húsáid na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha agus na faisnéise faoi phaisinéirí ionas go mbeidh cur chuige rioscabhunaithe sonraíbhunaithe ann ar mhaithe leis na seiceálacha a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr.

(18) I gcás eisceachtúil ina gcinntear dul i muinín seiceálacha córasacha agus seiceálacha ag suíomhanna seasta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399, ba cheart an cinneadh sin a phlé roimh ré leis an mBallstát comharsanach agus ba cheart é a bheith bunaithe ar anailís riosca chomhpháirteach.

(19) An Ballstát a dhéanann seiceálacha córasacha agus seiceálacha ag suíomhanna seasta le linn athbhunú sealadach na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart dó acmhainní leormhaithe a chur ar fáil ó thaobh foirne agus trealaimh de chun tionchar na seiceálacha ar shoghluaisteacht an tráchta agus ar infhaighteacht na nasc trasteorann uile a theorannú.

(20) Ba cheart eagrú an tráchta agus na n-acmhainní le linn na seiceálacha córasacha agus na seiceálacha ag suíomhanna seasta a choigeartú dá réir (mar shampla, ba cheart lánaí ar leith ar imeall na mbóithre a eagrú).

(21) I gcás deacrachtaí leis na hacmhainní riachtanacha, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann teagmháil a dhéanamh leis an mBallstát comharsanach ábhartha chun teacht ar chomhaontú maidir le bearta comhlántacha a úsáid.

9. BEARTA LEANTACHA

(22) Ba cheart do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Comhordaitheoir Schengen a thacóidh leo ó thaobh chur chun feidhme an Mholta seo agus leanfaidh sé de bheith i mbun idirphlé leo agus tuairisceoidh sé go tráthrialta i gComhairle Schengen maidir le staid na himeartha agus an dul chun cinn atá déanta.

([21]) Conclúidí ón gComhairle lena leagtar amach tosaíochtaí an Aontais don chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe le haghaidh EMPACT 2022-2025 (doiciméad 7107/23).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Ylva JOHANSSON
Comhalta den Choimisiún